


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 5

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 5” ar CD an Dalta.



1. Cad a thugann tú faoi deara faoi thomhas na n-uillinneacha LOH agus GPO?

Tarraing an pointe H leis an luchóg ionas go mbeidh an uillinn LOH = 30° .
 Scríobh síos tomhas na huillinne GPO. GPO = _____
 An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn LOH agus GPO? _____.

2. Tarraing an pointe H agus déan an uillinn LOH cothrom le 100° .

Cad é tomhas na huillinne GPO? _____ .
 An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn LOH agus GPO? _____

3. Uillinneacha COMHFHREAGRACHA iad na huillinneacha LOH agus GPO. Tarraing an pointe H go dtí suíomhanna éagsúla. An mbíonn na huillinneacha LOH agus GPO cothrom le chéile i gcónaí?

4. Cliceáil an Ticbhosca agus feicfidh tú foclaíocht na teorime.

An bhfuil na línte a agus b comhthreomhar? _____

5. Ainmnigh péire eile uillinneacha comhfhreagracha sa léaráid.

(i) _____ (ii) _____
 Scríobh síos tomhas na n-uillinneacha sin (i) _____ (ii) _____
 An bhfuil an tomhas céanna sna huillinneacha sin? _____

6. Dá ndéarfáí leat go raibh na línte a agus b comhthreomhar, cad déarfá ansin faoi thomhas na bpéirí uillinneacha seo a leanas?

HOL agus OPG _____

QPG agus POL _____

QPM agus POK _____

Tarraing an pointe H ionas go mbeidh an uillinn OPG cothrom le 90° . Scríobh síos tomhas na n-uillinneacha seo a leanas ansin.

(i) KOH _____

(ii) MPO _____

(iii) QPG _____